

Rang 3 & Rang 4
**Stair**

# Na Lochlannaigh

**Bhí tionchar mór ag na Lochlannaigh ar stair na hÉireann. Is de bhunadh Lochlannach na focail Mumha, Laighean agus Uladh, fiú. Ach conas a bhain na Lochlannaigh Éire amach ó Chríoch Lochlann?**

D'úsáid siad long ar a dtugtar an **Drakkar**; long fhada seoil a bhí ann. Bhí spás ann do 60 rámhóir chomh maith. Creidtear gurb as an **Iorua agus an Danmharg** do na chéad Lochlannaigh a tháinig go hÉirinn go déanach **san 8ú haois**. Ar dtús, bhí sé de nós ag na Lochlannaigh ceantar a ionsaí agus éalú uaidh go tapa.

Sa bhliain 837, d'imigh tuairim is 60 longa fada suas Abhainn na Life, ag creachadh séipéal agus foirgneamh eile, agus faoin mbliain 841 bhí na Lochlannaigh tar éis lonnú in Áth Cliath.



# Na Lochlannaigh

**Ag an am sin bhí longa fada mar a bheadh spáslonga sa lá atá inniu ann. Bhí na Lochlannaigh in ann dul i bhfad i gcéin orthu.** In aon turas amháin, d'fhéadfaidís Críoch Lochlann a fhágáil, an Spáinn a bhaint amach, imeacht sall go dtí an Iodáil, agus ansin filleadh ar Chríoch Lochlann arís!

Bhíodh idir rámhaíocht agus seoltóireacht na gaoithe á n-úsáid acu. Ba throdaithe fíochmhara iad na Lochlannaigh. D'úsáid siad claimhte, tuanna, sciatha agus clogaid. Ní raibh seans ar bith ag na Manaigh in aghaidh na Lochlannach.



# Stail Mhara Ghleann Dá Loch

**An raibh fhios gur tógadh ceann de na longa Lochlannacha is mó a aimsíodh riamh in Éirinn? I mBaile Átha Cliath a tógadh é in 1042. Aimsíodh faoi thonn é sa Danmharg sa bhliain 1962. Tugadh Skuldelev 2 air.**

D'aithin na heolaithe gur as crainn dharacha i ngar do Bhaile Átha Cliath a tháinig an t-adhmad. Creidtear gur i nGleann Dá Loch a bhíodh na crainn sin.


Creid é nó ná creid, thóg daoine sa Danmharg long mhacasamhlach nó cóip de Skuldelev 2 agus ghlaoigh siad **Stail Mhara Ghleann Dá Loch** air. Féach an pictiúr thíos.



# Sea Stallion of Glendalough

**Sa bhliain 2007, sheol an long ón Danmharg go Baile Átha Cliath, mar aithris ar an turas a rinneadh tuairim is 1,000 bliain ó shin! Aistear 2200km a bhí ann a mhair ar feadh 6 seachtaine. Tháinig siad i dtír i gcalafort Bhaile Átha Cliath, áit ar tógadh an grianghraf seo.**

Ar ndóigh, bhí teicneolaíocht nua-aimseartha mar chúnamh do chriú Stail Mhara Ghleann Dá Loch. Samhlaigh an turas a dhéanamh 1,000 bliain ó shin gan saitilít ar bith!



## Cleachtadh 1

Scríobh cuntas dialanna a scríobhfadh Lochlannach atá ar tí a bhaile a fhágáil chun Éire a bhaint amach.

I ndialann, scríobhtar smaointe, mothúcháin, tuairimí agus pleananna de réir an dáta. Cén cineál Lochlannaigh a scríobhfaidh tusa faoi?

Date: Month: Year:



Draw the boat you are going to use to get to Ireland



# Déan Clog Gréine!

**Cleachtadh 2: Déan Clog Gréine!**

Gléas ársa é an clog gréine a bhaineann úsáid as solas na gréine leis an am a insint. Tá siad an-éasca le déanamh agus tá siad á n-úsáid leis na mílte bliain! D'úsáid na Lochlannaigh an ghrian chun a mbealach a dhéanamh thar sáile ach úsáidfidh muide í chun an t-am a mheas.

**Ag teastáil:** Bata, roinnt clocha, uaireadóir agus solas na gréine

**Céim 1:** Cuir bata ina sheasamh go díreach i roinnt gainimh, cré nó féir.



# Déan Clog Gréine!

**Céim 2:** Bonn láithreach ar a 9 ar maidin, cuir cloch nó sliogán ag bun an scátha. Is féidir an uimhir 9 a scríobh ar an gcloch.



**Céim 3:** Tar éis uair an chloig, ar a 10 a chlog go díreach, cuir cloch eile ag bun an scátha. Déan é seo arís gach uair an chloig go dtí 5 a chlog. Téann an ghrian faoi luath go leor an tráth seo den bhliain, mar sin seans go mbeidh deacracht agat an scáth a fheiceáil tar éis a 5 a chlog.



# Déan Clog Gréine!

**Céim 4:** Úsáid do shamhlaíocht chun clog galánta a dhéanamh nó déan clog deas simplí.

Má tá cloch curtha agat i gcomhair gach uair an chloig ó 9 ar maidin go 5 um thráthnóna, beidh 9 gcloch curtha agat. Nuair a shroichfidh solas na gréine an chéad chloch an lá dar gcionn, beidh a fhios agat cén t-am é: 9 a chlog!



# Jócanna

**What do Vikings play when they are on a boat trip?**
Cards – because they always have a deck!



**What was the Viking's favorite letter of the alphabet?**
C (....the Sea....get it!)

**When do Vikings's buy their clothes?**
When they're on sail!